



Tuarascáil Bhliantúil

2024

**Cuid 2 | Rialachas Corparáideach
agus Ráitis Airgeadais**

Taighde. Fianaise. Gníomh.

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2026
ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó:

An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67–72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliatha 2
D02 H638
Éire

g 353 1 234 5000
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie




Clár

Baincéirí, Dlíodóirí, Iniúchóirí	1
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	13
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	19
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	23
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil	25
Ráiteas ar Staid Airgeadais	26
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	28
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	30



1

Baincéirí, Dlíodóirí, Iniúcháirí



Baincéirí


Banc na hÉireann
Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 Y754

Dlíodóirí

McCann Fitzgerald CDT
Cois Abhann a hAon
Cé Sir John Rogerson
Ceantar Dugaí Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
D02 X576

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72



2

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 2024

Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhoird Taighde Sláinte (BTS) faoi Ordú an Bhoird Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986), arna leasú. Tá feidhmeanna an BTS leagtha amach in Airteagal 4 den ionstraim reachtúil sin.

Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá freagracht air as dea-rialachas a chinntiú; comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an Fhoireann Feidhmiúcháin atá freagrach as rialú agus stiúradh bainistíochta rialta laethúil an BTS. Is gá don POF agus don Fhoireann Feidhmiúcháin an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus is gá dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na gníomhaíochtaí agus na cinntí lárnacha a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht an BTS.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais an BTS, ina sonraítear freisin na nithe ar cinntí de chuid an Bhoird iad go sonrach. Áirítear ar na nithe buana a phléann an Bord:

- dearbhuithe leasa
- tuarascálacha ó choistí
- glaonna nua ar scéimeanna dámhachtainí taighde
- moltaí an phainéil roghnúcháin maidir le dámhachtainí a cheadú
- athbhreithnithe ar mhórdámhachtainí
- foilseacháin staitistiúla agus athbhreithnithe ar fhianaise
- athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na straitéise

Faoi Alt 27 den Ordú um Bord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986), arna leasú, éilítear ar Bhord an BTS na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh agus a chaithfidh sé a choimeád, i gcibé fhoirm a cheadódh an tAire Sláinte le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar Bhord an BTS:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go leanúnach.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfar ar aghaidh le feidhmiú an BTS, agus
- A rá cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna bhfógairt agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth an staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 27 den Ordú um Bord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh. 279 de 1986) arna leasú. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an BTS.

Tá freagracht ar an mBord as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an BTS trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad ag cruinniú den Bhord an 16 Feabhra 2024. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is é tuairim an Bhoird go dtugann ráitis airgeadais an BTS léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an BTS amhail ar an 31 Nollaig 2024.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus de naonúr gnáthchomhaltaí, arna gceapadh ar fad ag an Aire Sláinte. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus tagann siad le chéile thart ar sheacht n-uair sa bhliain. Ceaptar comhaltaí den Bhord a cheaptar don dara téarma ar feadh tréimhse trí bliana.

Leagtar amach sa tábla thíos sonraí faoi thréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2024:

Comhalta Boird	Ról	Dáta ceaptha ar an mBord
An Dr Sarah Barry	Gnáthchomhalta	11 Nollaig 2022
An Dr Leonora Bishop	Gnáthchomhalta	8 Samhain 2022
An Dr Tracy Cunningham (an dara téarma) (Cathaoirleach)	Gnáthchomhalta	15 Iúil 2019, athcheaptha an 15 Iúil 2024
An tOllamh Peter Doran	Gnáthchomhalta	11 Iúil 2024
An tOllamh Tom Fahey (an dara téarma)	Gnáthchomhalta	18 Eanáir 2018, athcheaptha 18 Eanáir 2023
An tOllamh Mark Lawler	Gnáthchomhalta	11 Iúil 2024
An Dr Julie Ling	Gnáthchomhalta	9 Aibreán 2021
An Dr Terry McWade	Gnáthchomhalta	9 Aibreán 2021
An Dr Martina Ní Chúlain	Gnáthchomhalta	15 Deireadh Fómhair 2024
An Dr Cliona Saidlear	Gnáthchomhalta	9 Aibreán 2021

Coistí an Bhoird

Tá dhá Choiste ag Bord an BTS: an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Coiste Forbartha. Tháinig deireadh le hobair an Choiste Forbartha Bainistíochta ar an 6 Nollaig 2024.

An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca (CIR)

Is é ról an CIR tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú, rialachas agus an dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Déanann an CIR tuairisciú don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Bhí ceithre chruinniú ag an CIR in 2024: i mí Feabhra, i mí an Mheithimh, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag. Ba iad seo a leanas baill an CIR i rith 2024: An Dr Terry McWade (Comhalta Boird agus Cathaoirleach – d'fhreastail sé ar gach cruinniú), an Dr Tracy Cunningham (Comhalta Boird – d'fhreastail sí ar chruinnithe mhí Feabhra agus mhí an Mheithimh), an Dr Leonora Bishop (Comhalta Boird – d'fhreastail sí ar gach cruinniú), an Dr Cliona Saidlear (Comhalta Boird – d'fhreastail sí ar chruinnithe mhí an Mheithimh, mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Nollag), an tUasal Martin Higgins (Comhalta seachtrach – d'fhreastail sé ar chruinnithe mhí an Mheithimh, mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Nollag.)

An Coiste Forbartha (a bunaíodh ar an 6 Nollaig 2024)

Bunaíodh an Coiste Forbartha ar an 6 Nollaig 2024. Áirítear ar shainchúram an Choiste pleanáil comharbais, forbairt bhainistíochta, cultúr, struchtúr eagraíochtúil, agus earcaíocht, roghnú agus bainistíocht feidhmíochta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (POF). Tiocfaidh sé le chéile uair sa ráithe, agus beidh an chéad chruinniú ar siúl go luath in 2025. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Forbartha: An Dr Tracy Cunningham, an Dr Sarah Barry, an tOllamh Peter Doran, an Dr Julie Ling agus an Dr Martina Ní Chúlain.

An Coiste um Fhorbairt Bainistíochta (MDC) (scoir sé an 6 Nollaig 2024)

Ba é ról an MDC maoirseacht a dhéanamh ar earcaíocht, ar roghnú agus ar mheasúnú feidhmíochta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus gníomhú mar ghrúpa comhairliúcháin don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt na Foirne Feidhmiúcháin agus ar phleanáil do chomharbas bainistíochta san eagraíocht. Tháinig an Coiste le chéile uair amháin i rith 2024. Ba iad seo a leanas baill an Choiste i rith 2024: An tOllamh Tom Fahey (Cathaoirleach), an Dr Sarah Barry, an tOllamh Seamas Donnelly, agus an Dr Julie Ling.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal maidir leis an bhfreastal ar chruinnithe an Bhoird agus Coiste do 2024, na táillí agus costais a fuair gach comhalta san áireamh:

	Bord	An Coiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca	An Coiste um Fhorbairt Bainistíochta	Táillí 2024 €	Costais 2024 €
Líon na gCruinnithe	7	4	1		
An Dr Sarah Barry	7	-	1	7,695	-
An Dr Leonora Bishop	6	4	-	7,695	-
An Dr Tracy Cunningham	7	2	-	7,695	-
An tOllamh Peter Doran	3	-	-	-	-
An tOllamh Tom Fahey	6	-	1	-	-
An tOllamh Mark Lawler	2	-	-	-	-
An Dr Julie Ling	6	-	1	7,923	364
An Dr Terry McWade	7	4	-	7,695	-
An Dr Martina Ní Chúlain	2	-	-	-	-
An Dr Cliona Saidlear	7	3	-	7,695	-
An tOllamh Seamas Donnelly	2	-	1	-	-

D’fhreastail an tUasal Martin Higgins, ball seachtrach de Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca an BTS, ar thrí chruinniú in 2024 agus fuair sé táillí de €1,200.

Na Príomhathruithe Pearsanra

D’éirigh an tOllamh Seamas Donnelly (Gnáthchomhalta) as an mBord an 14 Iúil 2024. Ceapadh an tOllamh Peter Doran agus an tOllamh +++Mark Lawler araon an 11 Iúil 2024. Ceapadh an Dr Martina Ní Chúlain an 15 Deireadh Fómhair 2024.

Ceapadh an Dr Tracy Cunningham ina Cathaoirleach ar an mBord an 15 Iúil 2024.

Nochtuithe a éilítear faoi Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil an BTS tar éis cloí le ceanglais an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Raon		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2024	2023
€60,000 – €69,999		10	18
€70,000 – €79,999		11	9
€80,000 – €89,999		5	5
€90,000 – €99,999		12	9
€100,000 – €109,999		5	4
€110,000 – €119,999		3	–
€120,000 – €129,999		3	3
€130,000 – €139,999		–	–
€140,000 – €149,000		–	–
€150,000 – €159,999		–	1
€160,000 – €169,999		1	–

Costais Chomhairleachta

Áirítear i gcostais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don bhainistíocht, ach fágfar feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’ a chuirtear ar conradh seachtrach as an áireamh.

	2024 €	2023 €
Comhairle dlí	49,407	55,980
Comhairle airgeadais	5,160	5,793
Acmhainní daonna	20,910	19,334
Seirbhísí Meastóireachta	100,619	68,727
Comhairliúchán TFC	65,772	119,090
Eile	52,494	40,241
Costais chomhairleachta iomlána	294,362	309,165

Costais Dlí agus Socraíochtaí

Níor thabhaigh an BTS aon chostais in 2024 ná in 2023 maidir le costais dlí, socraíochtaí, agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Tá caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair an BTS á léiriú faoi chostais chomhairleachta.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá an caiteachas maidir le taisteal agus cothú rangaithe mar seo a leanas:

	2024 €	2023 €
Intíre		
- Bord	-	753
- Fostaithe	24,335	23,499
Idirnáisiúnta		
- Bord	364	-
- Fostaithe	46,616	35,786
Iomlán	71,315	60,038

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas ar fháilteachas seo a leanas do bhaill foirne, do chomhaltaí an Bhoird agus do phainéil roghnúcháin agus athbhreithnithe in 2024: €38,543 (2023: €25,980).

Ráiteas Comhlíontachta

Tá Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an BTS an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán in 2024.

Dr Tracy Cunningham

An Dr Tracy Cunningham
Cathaoirleach

Dáta: 22 Nollaig 2025



Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Taighde Sláinte, aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Áirítear leis an bhfreagracht seo riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach leagtha amach chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údraithe agus taifeadta i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na teorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord Taighde Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

I rith 2024, bhí Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (CIR) ag an mBord Taighde Sláinte a raibh ceithre chomhalta den Bhord mar bhaill de go dtí an cruinniú i mí an Mheithimh, agus triúr comhalta den Bhord do dá chruinniú eile (duine acu ina Chathaoirleach), chomh maith le comhalta seachtrach amháin a raibh taithí aige ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire sa bhliain 2024.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an mBord Taighde Sláinte freisin; tá acmhainní leordhóthanacha aici agus déanann sí clár oibre a comhaontaíodh leis an CIR a chur i gcrích.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR; leagtar amach ann a leibhéal inghlactha riosca agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus sonraítear ann róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an beartas, a rinne an CIR athbhreithniú air i rith na bliana 2024, curtha ar fáil don fhoireann ar fad. Táthar ag súil go n-oibreoidh an fhoireann de réir bheartais bhainistíochta riosca an Bhoird Taighde Sláinte, go gcuirfidh siad an bhainistíocht ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí sna rialuithe, agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimsí oibre féin.

An Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistithe a dtugtar fúthu chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, más féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an mBord Taighde Sláinte; tá na rioscaí sin sainaitheanta, measta agus rangaithe de réir a dtábhachta. Déanann an CIR athbhreithniú ar an gclár ag gach cruinniú. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh, d'fhonn a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar rioscaí go dtí leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú, agus sanntar an fhreagracht as feidhmiú na rialuithe sin do bhaill áirithe den fhoireann. Deimhnímh go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- tá na nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó taifeadta
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta, mar aon leis an gcuntasacht a bhaineann leo
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearach
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialúcháin ann maidir le maoiniú deontas a thugtar do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn rialúchán leordhóthanach ar cheadú deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar fhaighteoirí deontas lena chinntiú go n-úsáidtear maoiniú deontais chun na críche atá beartaithe.

Nuashonrú ar na fáлтаis ó dhiúscairt fhoirgneamh Shráid Bhagóid

Dátaí	Gníomhartha
2022	
11 Deireadh Fómhair	Iarratas chun an réadmhaoín ar Shráid Bhagóid a dhíol. Fuair an BTS dearbhú ó bhéal ón Roinn Sláinte (RS) go raibh ríomh-aighneacht próiseáilte chun cead a iarraidh an réadmhaoín a dhíol. Ina theannta sin, tugadh le fios sa ríomh-aighneacht go gcuirfí cás gnó isteach níos déanaí chun go gcoimeádfadh an BTS fáлтаis an díola.
3 Samhain	Faomhadh ón Aire chun an réadmhaoín a dhíol.
2023	
12 Bealtaine	Tugadh faomhadh oifigiúil i scríbhinn don BTS chun an réadmhaoín a dhíol.
12 Bealtaine	Cinneadh ón BTS cistí (sa todhchaí) a chur i gcuntas reatha an BTS; imfhálaithe le haghaidh úsáid sa todhchaí.
31 Bealtaine	Dáta díola na réadmhaoine.
10 Iúil	Faigheann an BTS fáлтаis ó dhíol na réadmhaoine.
2024	
08 Iúil	Cuireann an BTS an chéad chás gnó isteach chuig an RS chun fáлтаis dhíol na réadmhaoine a choinneáil.
15 Iúil	Iarrann an RS go gcuirfí an cás gnó isteach arís i gcomhréir le teimpléad riachtanach.
15 Iúil 2024 go 11 Samhain 2025	Malartuithe iomadúla maidir leis an gcás gnó a cuireadh isteach, ag lorg leasuithe agus freagra nuashonraithe.
2025	
Nollaig 2024 go dtí 2025	I mí na Nollag 2024, thar ceann an BTS, rinne an RS iarratas chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (RCPBASPD) ar cheadú chun fáлтаis ó dhíol na réadmhaoine a choinneáil. Lean an RS de bheith i mbun plé leis an RCPBASPD chun tacú leis an gcás gnó i rith 2025.

Coinníodh an t-airgead a fuarthas ó dhíol na maoine (€3.4m) i gCuntas Reatha ón 10 Iúil 2023 go dtí an 21 Samhain 2025; go dtí gur aistríodh an t-airgead chuig Gnáthchuntas Taisce ar Éileamh. Bheadh thart ar €5,427 tuillte ag an BTS (€1,093 in 2023, €2,295 in 2024, agus €2,039 in 2025 – na figiúirí go léir glan ar DIRT) dá mbeadh an t-airgead coinnithe i nGnáthchuntas Taisce ar Éileamh seachas i gCuntas Reatha. De réir na comhairle ón Roinn Sláinte, ba cheart an t-airgead a choinneáil i gcuntas bainc atá inrochtana go héasca chun solúbthacht chuí a chinntiú maidir le rochtain ar na cistí a bhrostú más gá agus nuair is gá é sin a dhéanamh. Tá Bord an BTS ag fanacht le cinneadh ó RCPBASPD faoi láthair agus táthar ag súil go bhfaighfear é sin faoi ráithe a haon de 2026.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialúcháin agus cuirtear easnaimh rialúcháin in iúl do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha sin, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú ar aon easnaimh a shainaithnítear,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina dtaispeántar feidhmíocht in aghaidh buiséad/réamh-mheastachán.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Taighde Sláinte lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar, agus gur chloígh an Bord Taighde Sláinte leis na nósanna imeachta sin i rith 2024.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord Taighde Sláinte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn faireachán agus athbhreithniú an Bhoird Taighde Sláinte ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar obair an Choiste um Iniúcháireacht agus Measúnú Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre; tá an lucht bainistíochta sinsearach laistigh den Bhord Thaighde Sláinte freagrach as creat an rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil. Rinne an Bord athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha an 4 Aibreán 2025.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Ní raibh aon saincheist shuntasach maidir le rialú inmheánach ag an mBord Taighde Sláinte i rith 2024.

Dr Tracy Cunningham

An Dr Tracy Cunningham

Cathaoirleach

Dáta: 22 Nollaig 2025



An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Bord Taighde Sláinte

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 iniúchta agam mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais na nithe seo a leanas

- ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- ráiteas faoi ioncam agus caiteachas caipitil
- ráiteas faoin staid airgeadais reatha
- ráiteas faoin sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais cuntasafochta suntasacha.

Is é mo thuairim, seachas neamhchomhlíonadh riachtanas na gceanglas cuntasafochta i ndáil leis na teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíreannach cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte amhail ar an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas le haghaidh 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús le tuairim cháilithe

D'fhonn treoracha an Aire Sláinte a chomhlíonadh, ní thugann an Bord Taighde Sláinte cuntas i gcostais teidlíochtaí sochair scoir go dtí go mbíonn siad iníoctha. Ní chomhlíonann sé seo FRS 102, ina n-éilítear go n-aithneodh na ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a tuilleadh sa tréimhse agus an dlíteanas fabhráithe ar an dáta tuairiscithe. Níor measadh éifeacht an neamhchomhlíonta, ó thaobh méide de, ar ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte le haghaidh 2024.

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CIIInna) mar a fheidhmítear ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá tuairisc ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ón mBord Taighde Sláinte agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta a fuair mé agus gur cuí í chun bonn a chur le mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord Taighde Sláinte in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den ráiteas rialachais agus de thuarascáil chomhaltai an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Mionsonraítear na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin agus ar nithe eile a dtuairiscim trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tuarascáil an ARC (ar lean)

Moill ar leithdháileadh fáltais ó dhíol réadmhaoine

Léirítear sa ráiteas maidir le rialú inmheánach gur dhíol an Bord réadmhaoine i mí na Bealtaine 2023. Fuarthas glanfháltais an díolacháin (€3.4 milliún) i mí Iúil 2023, agus lóisteáladh iad i gcuntas reatha nach n-íocann ús. Aistríodh na cistí chuig cuntas taisce ar éileamh a bhfuil ráta íseal úis ag baint leis i mí na Samhna 2025.

De réir gnáthnósanna imeachta airgeadais phoiblí, ní mór gnóchain amhantair – lena n-áirítear gnóchain ó dhíol sócmhainní – a thabhairt don Státchiste. Gan ceadú foirmiúil a bheith aige, níl sé de cheart ag an mBord fáltais an díolacháin a choinneáil. I mí Iúil 2024, d'iarr an Bord ceadú foirmiúil chun na fáltais a choinneáil agus a úsáid le haghaidh tionscadail shonraigh. Tá sé fós ag fanacht ar chinneadh ina leith sin ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.



Seamus Mc Carthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
24 Nollaig 2025

Aguisín na tuarascála

Freagrachtaí Chomhaltai an Bhoird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltai an Bhoird, tá comhaltai an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm arna leagan amach faoi alt 21 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbhearta a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil úsáid bhonn cuntasaochta an ghnóthais leantaigh cuí agus
- go bhfuil gá leis an rialú inmheánach sin a chinneann siad chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh sin mar gheall ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheangal orm faoi alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh a dhéanamh ná dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhiráiteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthálocht é go dtiocfaidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na CIlInna ar mhiráiteas ábhartha i gcónaí, sa chás gur ann dó. Féadfaidh mírátis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide agus meastar gur ábhartha iad sa chás, go haonarach nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dtógfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na CIlInna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus a leithéid á dhéanamh,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaos nó earráid é; dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a bhíonn sofheaghrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí i chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Is airde an riosca nach n-aimseofaí míráiteas ábhartha a tharlaíonn de bharr calaoise ná ceann a tharlaíonn de bharr earráide, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaochta agus na nochtuithe gaolmhara.

- Tagaim ar thátaí maidir le hoiriúnacht an ghnóthais leantaigh a úsáid mar bhunús cuntasaochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, i dtaobh an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann i ndáil le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más é tátal m'iniúchóireachta go bhfuil mírialtacht ábhartha i gceist, is gá dom aird a dhíriú i mo thuairisc ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Bunaithe ar mo thátaí ar an bhfianaise iniúchta a fhaighim suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh an toradh a bheith le himeachtaí nó cúinsí sa todhchaí go scoirfeadh an Bord de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar an gcur i láthair foriomlán, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cibé an ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar na hidirbhearta agus ar na himeachtaí bunaidh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Déanaim cumarsáid leis na daoine atá i gceannas ar rialachas maidir leis, i measc nithe eile, an raon feidhme agus uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus le torthaí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním i rith m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh na taifead cuntasaochta dóthanach le hiniúchadh na ráitis airgeadais a dhéanamh go fonnmhár agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifeid chuntasaochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chineál dearbhaithe ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceanglas orm faoi na CIlInna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a thabhairt ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas i rith an iniúchta, nó má dhealraítear go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil mírialtacht ábhartha san fhaisnéis eile sin, dar liom, is gá dom an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile


Cuirim m'iniúchóireacht i bhfeidhm trí thagairt do na coinníollacha ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha ná cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.



4

Ráitis Airgeadais 2024



Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Ioncam			
An Roinn Sláinte	2	47,827,994	45,017,356
Ioncam ó Dheontais Taighde	3	901,268	1,215,768
Maoiniú Taighde Eile	4	977,818	296,569
Ioncam Eile	5	357,220	391,019
		50,064,300	46,920,712
Caiteachas			
Caiteachas Dámhachtainí Taighde	6	35,380,697	33,482,991
Caiteachas Riaracháin Cláir agus Oibriúcháin	7	14,667,552	13,387,161
		50,048,249	46,870,152
Barrachas/(Easnamh) Roimh Leithreasáí			
Aistriú Méid Leithdháilte go Cúlchiste Caipitil chun Sócmhainní Seasta a Mhaoiniú	20	(11,816)	(6,962)
Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithreasáí			
		4,235	43,598

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Cúlchistí ioncaim ar an 1 Eanáir		(353,075)	(396,673)
Cúlchistí ioncaim ar an 31 Nollaig		(348,840)	(353,075)

Níl aon ghnóthachain ná caillteanais ag an mBord seachas na cinn a ndéileáiltear leo sna ráitis ioncaim agus chaipitil ar ioncam agus caiteachas.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas Sreafaí Airgid agus na nótaí 1 go 25.

Dr Tracy Cunningham

An Dr Tracy Cunningham
Cathaoirleach

Dáta: 22 Nollaig 2025

Dr Terry McWade

An Dr Terry McWade
Comhalta Boid

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas Caipitil

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Ioncam			
Deontas caipitil na Roinne Sláinte (Vóta 38 M.1)		9,560,597	9,856,109
Deontas caipitil TF na Roinne Sláinte (Vóta 38 M.1)		772,355	542,631
Amúchadh an chuntais chúlchiste chaipitil		51,479	39,312
Réadmhaoin a Bronnadh ar an BTS	14	395,000	-
Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainne seasta		-	3,423,135
		10,779,431	13,861,187
Caiteachas			
Caiteachas Dámhachtainí Taighde	13	9,560,597	9,856,109
Caiteachas Riaracháin Cláir agus Oibriúcháin		751,249	518,836
Breisthe ar shócmhainní seasta		21,106	23,795
Dímheas	14	51,479	36,662
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta		-	2,650
		10,384,431	10,438,052
Gnóthachan ar dhiúscairt iníoctha leis an Státchiste		-	(3,423,135)
Barrachas/(Easnamh) na Bliana	20	395,000	-

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas Sreafaí Airgid agus na nótaí 1 go 25.

Dr Tracy Cunningham

An Dr Tracy Cunningham
Cathaoirleach

Dáta: 22 Nollaig 2025

Dr Terry McWade

An Dr Terry McWade
Comhalta Boird

Ráiteas ar Staid Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh	14	432,235	55,792
Sócmhainní reatha			
Infháiltais	15	806,956	617,147
Infheistíochtaí	16	641	641
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	17	4,796,799	3,927,391
		5,604,396	4,545,179
Dlíteanais reatha			
Suimeanna atá le híoc laistigh de bhliain amháin:			
Suimeanna iníoctha	18	2,289,803	1,189,065
Glan-sócmhainní reatha/(dlíteanais reatha)		3,314,593	3,356,114
Dlíteanais fhadtéarmacha			
Suimeanna a bheidh dlíte tar éis bliain amháin:			
Suimeanna iníoctha	19	3,663,433	3,709,189
Iomlán na nGlan-sócmhainní		83,395	(297,283)

Ráiteas ar Staid Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Ag léiriú			
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		(348,840)	(353,075)
Cúlchiste Caipitil	20	432,235	55,792
		83,395	(297,283)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas Sreafaí Airgid agus na nótaí 1 go 25.

Dr Tracy Cunningham

An Dr Tracy Cunningham
Cathaoirleach

Dáta: 22 Nollaig 2025

Dr Terry McWade

An Dr Terry McWade
Comhalta Boird

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) na bliana loncam agus Caiteachas Reatha		4,235	43,598
Barrachas/(Easnamh) na bliana loncam agus Caiteachas Caipitil		395,000	-
Dímheas		51,479	36,662
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltais		(189,810)	584,737
(Méadú)/Laghdú ar Suimeanna Iníoctha		1,054,983	2,910,785
Amúchadh Cúlchistí Caipitil		- (51,479)	(36,662)
Méid Leithdháilte chun Breisithe ar Shócmhainní Seasta a Mhaoiniú		21,106	23,795
Ús Bainc Faighte		-	-
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		1,285,514	3,562,915
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Oiriúnú ar larmhéid tosaigh an chúlchiste		-	-
Méid Leithdháilte chun Breisithe ar Shócmhainní Seasta a Mhaoiniú		(21,106)	(23,795)
Bronntanas Réadmhaoine		(395,000)	-
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(416,106)	(23,795)

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús Bainc Faighte		-	-
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		-	-
Méadú/(laghdú) glan ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		869,408	3,539,120
Réiteach idir airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús agus ag deireadh na tréimhse			
Airgead bainc ar an 1 Eanáir		3,927,391	388,271
Airgead bainc ar an 31 Nollaig		4,796,799	3,927,391
Gluaiseacht an airgid thirim don bhliain	21	869,408	3,539,120

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac an Bord Taighde Sláinte. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a. Eolas Ginearálta

Bhunaigh an tAire Sláinte, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a bronnadh air le halt 3 den Acht Sláinte (Comhlachtaí Corportha), 1961 (Uimh. 279 de 1961), an Bord Taighde Sláinte faoi ordú bunaithe sa bhliain 1986.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Bhoird Taighde Sláinte, mar atá leagtha amach i gCuid 4 den Ionstraim Reachtuil Uimh. 297:

- taighde sláinte a spreagadh, cuidiú leis, é a choimisiúnú nó a stiúradh chun sláinte a fheabhsú agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a mhéadú;
- córais faisnéise sláinte a chothabháil, a fhorbairt nó tacú leo chun críocha taighde agus an fhianaise a sholáthar le haghaidh polasaí agus seirbhísí sláinte;
- teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí eile taighde sa Stát agus lasmuigh den Stát maidir le taighde ábhartha a chur chun cinn, a choimisiúnú nó a dhéanamh, agus
- obair i gcomhar le comhlachtaí eile um fhaisnéis sláinte sa Stát, agus áit ar cuí, lasmuigh den Stát, chun córais faisnéise sláinte a fhorbairt agus tacú leo.

b. Ráiteas Comhlíontachta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Taighde Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ullmhaithe i gcomhréir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'éisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC). Ullmhaítear na ráitis airgeadais in Euro.

c. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus i gcomhréir leis na ceanglais a leag an tAire Sláinte síos. De réir threoir an Aire, níl aon socrú déanta maidir le sochair atá infíoctha faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil a riarann an BTS. Déantar cuntas ar chaiteachas ar bhonn réimsí fócais straitéisigh, fachtóirí cumasúcháin agus cuspóirí.

d. Ioncam – Ioncam a aithint

Cuirtear Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte chun sochar an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta ar bhonn fáltas airgid thirim. Déantar cuntas ar dheontais chaipitil ar bhonn fabhráithe. Aithnítear gach maoiniú taighde eile mar ioncam nuair a úsáidtear é chun cúiteamh a dhéanamh ar chaiteachas comhfhreagrach. Áirítear sa mhaoiniú sin ranníocaíocht i leith chostais riaracháin an Bhoird. Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhráithe. Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhráithe.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

e. Caiteachas a Aithint

Aithnítear maoiniú do dhámhachtainí taighde mar chaiteachas sa tréimhse ina mbíonn sé le hóc le sealbhóir na dámhachtana faoi théarmaí an chonartha. Déantar aisíocaíochtaí deontas a fhritháireamh i gcoinne caiteachas deontais sa bhliain a bhfaightear iad. Aithnítear gach caiteachas eile ar bhonn fabhráithe.

